- (#) Comhalta den Choiste Iniúcháireachta
- (+) Comhalta den Choiste Straitéise
- (^) Comhalta den Choiste um Bainistíocht Riosca agus Chomhlíonadh
- (_) Comhalta den Choiste Infheistíochta
- (/) Comhalta den Choiste um Athbhreithniú ar Bhainistíocht Costas
- (-) Comhalta de Choiste na nLontaobhathie Pinsin

AG FREASTAL AR ÁR GCUSTAIMÉIRÍ TRÍ LUACH AR AIRGEAD AGUS NUÁLAÍOCHT A SHOLÁTHAR



Vhi HomeCare

3,000
Custaiméir

40,000
lá leapa Ospidéal arna sábháil

Coigiltí costais
€13.5M




Vhi SwiftCare

Cóir Leighis curtha ar
60,000 Othar

Comhlíonadh 100% i
dtaobh Dheimhniú an

ISO
ag an CHKS



Scagthástáil

Scagthástáil déanta ar
30,000

Duine i leith dhiaibéiteas Shaghas II agus
tosca riosca cardashoithíochta ó 2009 i leith

Réamh-scagthástáil déanta ar
7,000
duine ó 2012 i leith

32%

an dul chun cinn a rinneadh chun
réamhdhiaibéiteas a bhaint



Nurseline

Láimhseáladh

45,000
glao ó chustaiméirí in 2013

Cuireadh thart ar

3,500
glao gach mí

Cláraíodh

1,000
custaiméir le haghaidh seirbhís
chnáimhseachais duine ar dhuine



MultiTrip

Uimhir 1

Príomhcheannasaí an
mhargaidh le haghaidh
árachas Multitrip in Éirinn

An tÉileamh ab airde:
€420,000



Vhi International

+7,000
Éileamh arna íoc amach

na 5 thír
is mó ina ndéantar éilimh
– an Astráil, Éire, an RA,
SAM agus an Fhrainc

Vhi Backpacker

Thart ar

€800

íoctha amach, ar an meán, mar éilimh



Ba bhliain dhearfach ach an-dúshlánach an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 do Vhi Healthcare. D'éirigh leis an gcuideachta feidhmíocht dhaingean airgeadais a bhaint amach, agus barrachas €65 milliún a chur i dtaifead mar aon le coibhéis fheabhsaithe sócmhainneachta.

Rinne ár ndíriú leanúnach ar shrianadh costais coigiltí suntasacha a chruthú agus cuireadh breis beart i bhfeidhm chun éifeachtúlachtaí a chur chun cinn agus costais á laghdú i gcomhthráth. De réir mar a ghluaiseann an eagraíocht, le cúnaimh Dé, níos giorra d'údarú a bhaint amach ón mBanc Ceannais, fáiltítear roimh an bhfeidhmíocht seo, ach baineann ríthábhacht leis maidir le treise fhoriomlán airgeadais Vhi Healthcare. Rinneadh go leor dul chun cinn ina leith seo, agus sonraítear níos mó sonraí faoi seo san Athbhreithniú ar Oibríochtaí.

Bhain dúshlán le 2013 ar líon cúiseanna, ní dá laghad mar gheall ar an gcaoi gur lean an margadh le cúngú i ngeall ar bhrúnna leanúnacha geilleagracha, agus ba iad siúd ba shuntasáí iad siúd i measc custaiméirí níos sláintiúla, de bharr saincheisteanna a bhain le hinacmhainneacht. Leantar le hiomaíocht sa mhargadh árachas sláinte a dhíriú go hiomlán ar na custaiméirí níos óige, níos sláintiúla agus déantar custaiméirí níos sine nach mór a eisiáimh go hiomlán. Ina leith seo, fáiltímid roimh thograí an Aire Sláinte a rinneadh le déanaí chun lascaí aoise a thabhairt isteach do dhaoine a mhéid le haois 24 bliain, pobalráit ar feadh an tsaoil agus treisiú na Scéime um Chothromú Fiontar (RES).

COTHROMÚ FIONTAR

Le linn 2013, d'fhógair an Roinn Sláinte go dtiocfadh athruithe ar an Scéim um Chothromú Fiontar, inar treisíodh na sochair a bhaineann leis na custaiméirí níos sine i margadh árachas príobháideach sláinte na hÉireann. Forbairt a gcuirtear fáilte roimpi atá inti seo agus léirigh sí céim sa treo cheart ar mhaithe le pobalráit a chosaint.

Scéim dhinimiciúil atá sa RES, áfach, agus teastaíonn feabhsú agus forbairt leanúnach uaithi chun an phróifíl athraitheach mhargaidh a léiriú. D'aithin leasuithe 2013 an tacaíocht mhéadaithe a theastaigh le haghaidh custaiméirí níos sine, ach is gá níos mó a dhéanamh do chustaiméirí atá níos breoite. Is éard a theastaíonn uaidh seo, go ndéantar athruithe bunúsacha ar stádas sláinte a thomhas, go gcuirfeadh san áireamh castacht an chúraim a bhíonn i gceist i bhfanacht san ospidéal, seachas ach fad na fanachta a thomhas. Faoi mar atá sé, faoi láthair, soláthraíonn tomhas stádas sláinte sochar a bhraitheann ar an líon laethanta a fhanann othar san ospidéal. Ar an ábhar sin, faigheann othar a bhfuil fanacht trí lá acu ar mhaithe le tástálacha an sochar céanna a fhaigheann othar a bhféadfadh an fad céanna fanachta bheith acu, ach le haghaidh gnáthaimh a bheadh i bhfad ní ba chasta, ar nós dífhibrileoir a ionsá. Is soiléir gur limistéar é seo nach mór é a dhéanamh níos sofaisticiúla lena chinntiú go léirítear stádas sláinte custaiméirí go cruinn agus go cothrom.

In Aibreán 2014, scríobh an tAire Sláinte chuig gach árachóir agus tugadh breac-chuntas dóibh ar na bearta atá sé ar intinn aige a ghlacadh chun tacú le hinbhuanaitheacht agus iomaíocht an mhargaidh árachas príobháideach sláinte. Mhíniú sé in 2015, go mbeartaíonn sé chun dhá thionscnamh shonracha a thabhairt isteach chun tacú le hinbhuanaitheacht an mhargaidh, i.e. is é an chéad cheann tabhairt isteach an phobalráitithe ar feadh an tsaoil a chruthóidh dreasacht do dhaoine chun bheith mar chuid den mhargadh árachas sláinte nuair a bhíonn siad óg agus a gcumhdach a fháil, agus ar an dara dul síos, tabhairt isteach lascaí le haghaidh daoine fásta óga a mhéid le haois 24 bliain. Anuas air sin, leag sé amach sraith cuspóirí beartais a dhéanfaidh na tosca a fhairsingiú a úsáidfeadh chun fiontar a chothromú faoin Scéim um Chothromú Fiontar. Go sonrach, thug sé a thiomantais chun beart níos cuíchóirithe a thabhairt isteach de stádas sláinte a dhéanfaidh, ar a uain sin, an scéim fhoriomlán níos éifeachtaí.

Fáiltímid roimh thiomantais a rinne an Rialtas sa ráiteas nuashonraithe beartais seo agus spreagadh sé na bearta seo a chur chun cinn a thapúla agus is féidir. Baineann ríthábhacht leis seo. Príomhghné atá i margadh láidir agus inmharthana árachas príobháideach sláinte den aistriú chuig córas iomaíoch, margadhbhunaithe d'árachas uilíoch sláinte (UHI) arb ionann seo agus beartas an Rialtais. Teastaíonn bearta ón margadh árachas príobháideach sláinte chun daoine óga a spreagadh chun árachas sláinte a fháil agus chun a gcumhdach a choimeád, agus, ag an tráth céanna, dul i gcion ar gach árachóir chun dul san iomaíocht le haghaidh custaiméirí níos sine agus níos breoite. Chun cobhsaíocht níos fadtéarmaí a thabhairt chuig an earnáil, is gá dul i ngleic leis na príomhcheisteanna struchtúrtha seo sa mhargadh árachas príobháideach sláinte.

DÚSHLÁIN AGUS FORBAIRTÍ MARGAIDH

Ag deireadh Nollaig 2013, dhearbhaigh an tÚdarás Árachais Sláinte (HIA) gur lean 2,052,000 duine nó 45% den daonra, le cumhdach árachas príobháideach sláinte a choimeád. B'ionann seo agus 47,000 níos lú ná iad siúd a raibh árachas acu ag deireadh Nollaig 2012. Cé gur beag athrú a tháinig ar an líon daoine a raibh árachas acu, ar an iomlán, in ainneoin an dúshláin gheilleagraigh, is í an príomhcheist imeacht custaiméirí níos óige, níos sláintiúla ón margadh go hiomlán, go príomha mar gheall ar an dúshlán inacmhainneachta. Beidh impleachtaí tromchúiseacha ag an treocht seo i leith thodhchaí an árachais phobalráitithe phríobháidigh sláinte in Éirinn má fhágtar iad gan seiceáil.

I rith 2013, rinneadh líon beartais shuntasacha Rialtais agus athruithe reachtaíochta a d'imir tionchar ar an margadh árachas príobháideach sláinte ina iomláine, ní dá laghad

tabhairt isteach an Achta Sláinte (Leasú), 2013 agus teorainn a leagan ar fhaoiseamh cánach ag an bhfoinse a bhaineann le préimheanna árachas príobháideach sláinte a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2014.

An tAcht Sláinte (Leasú), 2013

D'athraigh an reachtaíocht a achtaíodh ag deireadh 2013 an bealach a d'fhéadfadh ospidéal phoiblí billeáil a dhéanamh do chóiríocht ina raibh othair phríobháideacha ina gcónaí. Rinne Comhairle Árachas Sláinte Árachas Éireann (Insurance Ireland), lena n-áirítear na ceathrar príomhárachóirí príobháideacha sláinte de chuid an Stáit, an argóint go léiríonn an reachtaíocht seo cánachas dúbailte dóibh siúd ag a bhfuil árachas príobháideach sláinte. Anois, d'fhéadfaí othair phríobháideacha a bhilleáil mar gheall ar leapacha poiblí a áitiú i mbardaí poiblí, i.e. níos mó a íoc ar rud éigin a bhfuil siad i dteideal a fháil cheana féin, tar éis a gcuid cánach a íoc. Mheas an Chomhairle Árachas Sláinte go bhféadfadh seo €130 milliún a chur le costais an tionscail i mbliain ar leith. Tá monatóireacht á déanamh ag an gComhairle Árachas Sláinte ar chur i bhfeidhm an chórais seo d'fhonn a chinntiú nach n-ardaítear muirir neamhchuí thar ceann na gcustaiméirí.

Buiséad 2014

I mBuiséad 2014, d'fhógair an Rialtas go n-athrófar an Faoiseamh Cánach ag an bhFoinse (TRS) maidir le polasaithe árachas príobháideach sláinte. Tugadh TRS ar pholasaithe faoi deara sa Bhuiséad, arbh ionann iad agus 20% den phréimh iomlán, ar leagadh teorainn ag préimh €1,000 in aghaidh an duine fhásta agus €500 in aghaidh an linbh. Ciallaíonn seo gurb é an faoiseamh uasta is féidir a éileamh ná faoiseamh cánach €200 in aghaidh an duine fhásta agus €100 in aghaidh an linbh. Tugadh seo isteach le héifeacht láithreach, i.e. go gcuirfear i bhfeidhm é do gach beartas a ghlactar amach nó ar athnuachan dóibh an 16 Deireadh Fómhair 2013 nó ina dhiaidh sin. Measann Comhairle Árachas Sláinte Árachas Éireann go n-imreoidh an t-athrú seo tionchar ar 1.2 milliún custaiméir. Amhail a luadh roimhe seo, tá an margadh faoi bhrú leanúnach, tá sé á chúngú agus is cinnte nach ndéanadh an t-athrú seo ach an treocht seo a mhéadú.

INACMHAINNEACHT

Tá Vhi Healthcare ar an eolas ar na hollbhrúnna airgeadais atá roimh ár gcustaiméirí agus tá siad an-fheasach ar inacmhainneacht na saincheiste atá roimh an margadh árachas sláinte. B'ionann agus 4.5% meánmhéadú praghais Vhi Healthcare le dhá bhliain anuas – seo an méadú is ísle i measc gach árachóra árachas phríobháidigh sláinte sa mhargadh. Baineadh seo amach trí dhírú ar thabhairt faoinár gclár bainistíochta costais ar bhonn leanúnach, a chuir sprioc-chláir um éifeachtúlacht éileamh i bhfeidhm, mar aon le laghdúithe ar tháillí a íocadh le soláthróirí, gníomhaíocht mhéadaithe ár n-aonaid imscrúdaithe éileamh speisialta agus aistriú leanúnach nósanna imeachta chuig suíomhanna níos ísle costais, agus suíomhanna atá oiriúnach ó thaobh cúrsaí leighis de. Leanfaimid le tús áite a thabhairt do bhainistíocht costais sa bhliain amach romhainn, d'fhonn costais a ísliú don chustaiméir, agus cáilíocht an chúraim a choimeád, dea-chleachtais a fhorbairt, na torthaí is fearr is féidir a spreagadh agus a chinntiú, i gcomhthráth a chéile, nach mbaintear an iomarca úsáide as rud ar bith.

ÁRACHAS UILÍOCH SLÁINTE

Tá Vhi Healthcare tiomanta d'oibriú leis an Rialtas ar Árachas Uilíoch Sláinte (UHI). Fáiltímid roimh fhoilsiú Pháipéar Bán an Rialtais ar an ábhar agus táimid ag tnúth le tabhairt faoin bpróiseas seo go hiomlán.


BUÍOCHAS

Ba mhian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le comhaltáí an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus le foireann Vhi Healthcare as ucht a rannpháirtíochta fiúntaí i gcaitheamh na bliana a bhí ina bliain an-dúshlánach dúinn. Tá na torthaí daingne gnó a baineadh amach i mbliana mar thoradh ar a gcuid iarrachtaí. Sa mhullach air sin, ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do Christy Cooney, a chríochnaigh a théarma oifige i bhFeabhra 2014, as ucht a thiomantais, a rannpháirtíochta agus a thacaíochta le Bord Vhi Healthcare. Guímid gach rath air. Ar deireadh thiar, agus ar an rud is tábhachtaí, ba mhian liom buíochas a léiriú dár gcustaiméirí dílse agus fiúntacha a leanfaimid orainn ag freastal orthu ar ár lánchumas gach lá.

DEARCADH

Tá údarú a fháil ón mBanc Ceannais le haghaidh Vhi Healthcare ar an gcuspóir is tábhachtaí don eagraíocht de réir mar a thugaimid faoi 2014.

Leanaimid le tús áite a thabhairt, amach anseo don todhchaí intuartha, do chostais a ísliú, éifeachtúlacht a mhéadú, agus díriú ar phleananna agus seirbhísí inacmhainne a sholáthar a theastaíonn ónár gcustaiméirí agus iad siúd atá uathu. Níl amhras ar bith orm go leanfaidh Vhi Healthcare le bheith mar an rogha árachóra do thromlach mór na gcustaiméirí árachas sláinte in Éirinn agus go rachaidh a dtiomantas chun rochtain a sholáthar ar chúram sláinte ardchaighdeáin agus inacmhainne agus ar an tseirbhís is fearr do chustaiméirí chun sochair thodhchaí na heagraíochta.



Martin Sisk

An Cathaoirleach



John O'Dwyer

Príomhfheidhmeannach

Tháinig John O'Dwyer go Vhi Healthcare ón ngrúpa idirnáisiúnta árachais Dúitseach Achmea, áit a raibh sé ina Phríomhoifigeach Oibríocháin agus ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus é freagrach as na gnóthaí árachais Saoil, Ghinearálta agus Sláinte in Interamerican, an dara cuideachta árachais is mó sa Ghréig. Tá cuntas teiste forleathan ag John i seirbhísí airgeadais agus go háirithe in earnáil an árachais sláinte. I measc na ról a bhí aige roimhe seo tá Stiúrthóir Bainistíochta le Friends First Life Assurance; Stiúrthóir na nOibríochtaí le BUPA Ireland; agus Príomhfheidhmeannach Cúnta le freagracht as Éilimh le Vhi Healthcare. Ina theannta sin, bhí sé ina Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin ar Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála.



Dr. Bernadette Carr

MD, FRCPI, MPH, LFOM
Stiúrthóir Míochaine

Is lia í Bernadette Carr a bhfuil taithí fhairsing chliniciúil agus taighde aici. I measc a cuid cáilíochtaí tá Dochtúireacht Leighis ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ceadúnach de Dhámh um Míochaine Shaothair, Máistreacht sa tSláinte Phoiblí agus Dioplóma sa Deirmeolaíocht Phraiticiúil (Caerdydd). Toghadh í chun Comhaltachta Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn i 1996. Thosaigh Bernadette ag obair le Vhi Healthcare i 1994 mar Stiúrthóir Míochaine agus i measc a cuid freagrachtaí tá: caidreamh le soláthraithe agus idirbheartaíochtaí conartha, forbairt mhíochaine agus forbairt cúram sláinte, soláthar seirbhísí míochaine agus folláine. Is í Bernadette ceannionadaí Vhi Healthcare i mórthionscadal taighde de chuid na hEorpa faoin gCreat FP7, tionscadal ina ndéantar staidéar ar na héifeachtaí mhóilíneacha agus fhiseolaíocha a bhíonn ag tosca stíl mhaireachtála ar an diaibéiteas.



John Creedon

Stiúrthóir, Éilimh

Tá BSc ag John Creedon i bhFeidhmiúcháin Ríomhaire ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ina ról faoi láthair, tá sé freagrach as seirbhís, riarachán agus íocaíocht fhoriomlán na n-éileamh i Vhi Healthcare. Bhí roinnt post sinsearach ag John le Vhi Healthcare sular ceapadh ina Stiúrthóir é i 1996.



Tony McSweeney

Stiúrthóir, Gnó Aonair agus
Gnó Corparáideach

Tháinig Tony McSweeney, atá ina chomhalta d'Institiúid Mhargaíochta na hÉireann agus ina Chomhalta d'Institiúid Díolachán na hÉireann, go Vhi Healthcare ón tionscal árachais saoil agus pinsean i 1996. Tá sé freagrach as Seirbhísí Custaiméara, Riarachán Custaiméirí agus Díolachán.



Margaret Molony
Stiúrthóir, Teicneolaíocht na Faisnéise

Tá taithí níos mó ná 26 bliain ag Margaret Molony i Vhi Healthcare agus tá sí freagrach as seirbhísí teicneolaíochta faisnéise san eagraíocht. Bhí roinnt post sinsearach ag Margaret le Vhi Healthcare sular ceapadh ina Stiúrthóir í in 2008.



Michael Owens
Stiúrthóir, Acmhainní Daonna

Tá céim BA ag Michael Owens sa chaidreamh le lucht saothair agus tá sé ina Chomhalta Cairte de chuid CIPD. Thosaigh sé ag obair le Vhi Healthcare i mí Lúnasa 1999 agus tá níos mó ná 30 bliain taithí aige sa bhainistíocht acmhainní daonna i réimsí na hinnealtóireachta solais, an pháipéir agus an chló, an mhiondíola tráchtála agus an árachais.



Declan Moran
Stiúrthóir, Margáíocht agus Forbairt Gnó

Tá BSc san Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta d'Institiúid na nAchtúirí é ó 1994 i leith. Tháinig sé go Vhi Healthcare i 1997 ón tionscal árachais saoil agus pinsean agus ceapadh chuig Bord Stiúrthóirí Vhi Healthcare é in 2008. Ó mhí na Samhna 2011 go mí Iúil 2012, d'fhóin sé mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach Vhi Healthcare. Go dtí seo, bhí sé freagrach as punann táirgí Vhi Healthcare a bhainistiú, agus as táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt. Chuir sé saineolas achtúireachta ar fáil laistigh den eagraíocht freisin.



Willie Shannon
BBS, FCA, Stiúrthóir, Airgeadas

Is céimí é William Shannon de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, áit ar ghnóthaigh sé a BBS i 1974 agus ar cáilíodh mar chuntasóir cairte é i 1977. Thosaigh sé ag obair le gnólacht mór bróicéirí árachais i 1987 agus ceapadh mar Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa é ina dhiaidh sin. Tháinig sé go Vhi Healthcare mar Stiúrthóir Airgeadais in 2002. Fónann sé ar roinnt coistí in Institiúid na gCuntasóirí Cairte. Tá sé ina lar-Chathaoirleach ar Choiste Airgeadais Institiúid Árachais na hÉireann chomh maith agus ina lar-Uachtarán ar Chumann na bhFeidhmeannach Airgeadais.

BARRACHAS LÁIDIR AGUS SÓCMHAINNEACHT FHEABHSAITHE CURTHA I GCUNTAS



GLANBHARRACHAS **+20%**
2013 €65 MILLIÚN 2012 €54.3 MILLIÚN

**TEORAINN
SÓCMHAINNEACHTA** **+48%**
2013 156% 2012 108%

**PRÉIMHEANNA
TUILLTE** **+4.1%**
2013 €1.491 BILLIÚN 2012 €1.431 BILLIÚN



**ÉILIMH A
TABHAÍODH** **-2.1%**
2013 €1.366 BILLIÚN 2012 €1.396 BILLIÚN

**CÓIMHEAS NA
NÉILEAMH** **-5.9%**
2013 87% 2012 92.9%



Lean Vhi Healthcare orthu ag feidhmiú go maith in 2013. Thugamar barrachas láidir faoi deara ar ár suíomh comhdhlúite gnó agus d'fheabhsaíomar ár suíomh sócmhainneachta, agus cóimheas íseal oibriúcháin a choimeád agus leanamar le feabhas a chur ar an réimse seirbhísí a bhí ar fáil dár gcustaiméirí.

Leanann an gnólacht le díriú go príomha ar chostais a ísliú agus rinneadh feabhsúcháin shuntasacha i limistéir na bainistíochta éileamh agus bainistíochta soláthróra, atá léirithe sa chaoi go raibh na méaduithe ab ísle ar phraghas le sonrú againn ar fud na hearnála le dhá bhliain anuas.

Bhí roinnt dúshlán ann i rith na bliana, nuair a tháinig laghdú ar fhaoiseamh cánach ar phréimheanna i mBuiséad 2014 agus tugadh isteach muirir d'othair phríobháideacha i leapacha poiblí ospidéal – a bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha acu i dtaobh táirge inacmhainne a sholáthar dár gcustaiméirí.

Tá iarratas a sheoladh isteach le haghaidh údarú chuig an mBanc Ceannais mar an bpríomhthosaíocht don eagraíocht agus, le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, rinneadh go leor oibre lena chinntiú gur forbraíodh samhail inmharthana ghnó.

Ag deireadh 2013, bhí cúlchistí de bhreis ar €389 milliún ag Vhi Healthcare, a sháraíonn an t-íosriachtanas a leagadh amach i reachtaíocht an AE. I gcaitheamh 2013, chuir ár socrú athárachais le Berkshire Hathaway ar ár gcumas feabhas a chur ar ár gcúlchistí ar cóimhéid le leibhéal sócmhainneachta 156% i gcomparáid le 108% in 2012 agus ach 100% in 2011. Ar mhaithe le cuspóirí an Bhainc Cheannais, tagann laghdú ar an leibhéal sócmhainneachta anuas chuig 145%.* Deimhneoidh an Banc Ceannais na riachtanais chaipitiúla, ar deireadh, a luaithe a chuirfear ár n-iarratas isteach.

I rith 2013, cheap an tAire Sláinte Cathaoirleach neamhspleách don fhóram comhairleach ar árachas sláinte chun oibriú leis na hárachóirí sláinte go léir, an Roinn Sláinte agus an HIA chun laghdúithe fíora costais a chur i bhfeidhm sa mhargadh árachas príobháideach sláinte. Foilsíodh an chéad tuarascáil ón gCathaoirleach, Pat McLoughlin, i Nollaig 2013. Leag an tuarascáil an bhéim ar ról an iniúchta chliniciúil maidir le héilimh neamhriachtanacha a shainiú, an gá chun breis daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa mhargadh árachas sláinte, i.e. trí lascainiú a dhéanamh le haghaidh daoine óga agus pobalrátú ar feadh an tsaol a thabhairt isteach agus rinne siad líon moltaí maidir le próiseáil éileamh, nósanna imeachta iontrálacha agus urscaoilte. Meastar go bhfoilseofar an dara tuarascáil in 2014. Bunaíodh an Chomhairle Árachas Sláinte go leithleach in 2013, ina bhfuil POFanna an ceathrair árachóirí príobháideacha sláinte, a oibríonn faoi choimirce Árachas Éireann. B'ann do líon saincheisteanna tionscail ar phléigh an Chomhairle leo i mbliana, go háirithe tabhairt isteach táillí le haghaidh gach leapa poiblí d'othair phríobháideacha mar aon le laghdú ar fhaoiseamh cánach ag an bhfoinse, a tugadh isteach i mBuiséad 2014. Ghlac Vhi Healthcare páirt sa dá fhóram seo.

Tá inacmhainneacht ar an tsaincheist is mó in áit an mhargaidh agus baineann rithábacht le custaiméirí níos óige a mhealladh chun an mhargaidh go leanfaidh an rath air. Ina leith seo, fáiltimid roimh thograí an Aire Sláinte chun lascainí aoise a thabhairt do dhaoine a mhéid le haois 24 bliain, agus le pobalrátú ar feadh an tsaol a thabhairt isteach. Anuas air

sin, fáiltimid roimh a thograí chun an Scéim um Chothromú Fiontar (RES) a threisiú. Tá líon na ndaoine a bhfuil árachas sláinte príobháideach acu ag laghdú fós. Ina measc féin, thug Vhi Healthcare tiomantas iomlán do chinntiú go ndéanann siad a mhéid is féidir chun préimheanna a choimeád a inacmhainne is féidir do thomhaltóirí. B'ionann agus 4.5% an meánmhéadú praghais le dhá bhliain anuas – seo an méadú is ísle sa mhargadh. Anuas air sin, i gcaitheamh na bliana atá faoi chaibidil, thug Vhi Healthcare promóisin isteach a rinne suibscríbhinní leathráta do leanaí a chur ar tairiscint ar roinnt dá bpleananna is mó éileamh do theaghlaigh, mar aon le plean nua atá in ainm is sochair iontacha a sholáthar do theaghlaigh, ar phraghas an-inacmhainne.

PRÍOMHTHORTHAÍ AIRGEADAIS

B'ionann a leanas na príomhthorthaí airgeadais le haghaidh Vhi Healthcare don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013:

- Léirigh torthaí iarchánach glanbharrachas €65 milliún le haghaidh ghnólacht comhdhlúite Vhi Healthcare don dá mhí dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2013. Léiríonn an barrachas seo imeall 4.4%, feabhsú ón mbarrachas €54.3 milliún nó an t-imeall 3.8% a baineadh amach in 2012. Baineadh an t-imeall seo amach a bhí le roinnt príomhthionscnamh faoinar tugadh in 2012 agus 2013 a leanfaidh le sochair a chruthú sna blianta amach anseo. Dhírigh na tionscnaimh seo, go háirithe, ar bhainistíocht costais éileamh, agus tháinig laghdú 2.1% ar éilimh sa bhliain. Anuas air sin, cheannaigh an gnólacht athárachas den chéad uair d'fhonn feabhas a chur ar a suíomh sócmhainneachta agus, faoi mar a tugadh faoi deara roimhe seo, tá feabhas tagtha ar an imeall sócmhainneachta ó 108% ag deireadh 2012 aníos chuig 156% ag deireadh 2013. Ar mhaithe le cuspóirí an Bhainc Cheannais, tagann laghdú anuas go dtí 145%* ar an leibhéal sócmhainneachta.
- B'ionann an phréimh a tuilleadh agus €1.491 billiún, ar méadú 4.1% seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Idir an dá linn, b'ionann an t-ioncam ó tháirgí agus seirbhísí seachas árachas sláinte agus €21 milliún i gcaitheamh na bliana.
- B'ionann cóimheas na gcúlchistí saora i gcomparáid le hioncam préimhe ag deireadh Nollaig 2013 agus 25.6%, ar feabhsú 4.1% seo ar an mbliain roimhe sin. Tá cúlchistí ag Vhi Healthcare faoi láthair arb ionann iad agus leibhéal sócmhainneachta 156% (i gcomparáid le 108% in 2012) de riachtanas dlíthiúil an imill íosta sócmhainneachta. Ar mhaithe le cuspóirí an Bhainc Cheannais, tagann laghdú ar an leibhéal sócmhainneachta anuas chuig 145%*.
- B'ionann na holléilimh iomlána a tabhaíodh in 2013 agus €1.366 billiún, ar laghdú é seo anuas chuig 2.1% i gcomparáid le €1.396 billiún in 2012. B'ionann na héilimh iomlána a tabhaíodh (glan ó athárachas) agus €690.1 milliún. Tá laghdú tagtha ar fhiúir na n-olléileamh iomlán i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, mar gheall ar líon tosca, lena n-áirítear rialúcháin níos déine bhainistíochta

éileamh, aistriú níos mó nósanna chuig suíomhanna atá oiriúnach i dtaobh cúrsaí leighis de, táisc chliniciúla etc.

- B'ionann coibhéis Vhi Healthcare's i dtaobh éileamh, i.e. íocaíocht as cúram leighis mar chéatadán den phréimh a tuilleadh agus 87% (i gcomparáid le 92.9% in 2012) agus ciallaíonn sin, as gach €100 a fhaightear mar ioncam préimhe, caitear €87 le híoc as riachtanais chúram leighis ár gcustaiméirí.
- B'ionann cóimheas Vhi Healthcare i dtaobh costas oibriúcháin i gcomparáid le hioncam préimhe agus 6.2%, arb ionann seo agus coibhéis 2012. Tá seo an-éifeachtúil i dtaobh caighdeán idirnáisiúnta.
- Lean ár ngnólacht éagsúlaithe, MultiTrip ó Vhi Healthcare, Vhi Dental, Vhi International, na Clinicí Vhi SwiftCare agus Vhi HomeCare san áireamh, le dea-fheidhmíocht a léiriú, agus feabhas á chur ar thairiscintí ár dtáirge, i gcomhthráth dár gcustaiméirí.

RIACHTANAS CHÚRAM SLÁINTE CUSTAIMÉIRÍ A CHISTIÚ

I rith 2013, phróiseáil Vhi Healthcare nach mór 750,000 éileamh ospidéil maidir le riachtanais chúram sláinte a gcuid custaiméirí. As an iomlán seo, bhain 77% le héilimh chásanna lae agus thaobhsheomra agus bhain 23% le héilimh ó thair chónaithe. Próiseáladh thart ar 250,000 éileamh othar seachtrach agus cúraim phríomhúil, anuas air sin, thar ceann custaiméirí. Ina theannta sin, aistríodh 29 gnáthamh ó shuíomh othar chónaithe chuig suíomh taobhsheomra/cás lae agus laghdaíomar an meánfhad fanachta in 40 nós imeachta coitianta.

Ba iad na héilimh ba shuntasá a íocadh i rith 2013 éilimh as cóir leighis a chur ar na riochtaí a leanas:

- Ailse – €198 milliún
- Cúram ortaipéideach, cromáin ionaid san áireamh – €152 milliún
- An croí agus an córas imshruthaithe – €147 milliún
- An córas díleáite – €105 milliún

(Tá na figiúirí seo bunaithe ar éilimh a bhain le díscáileadh in 2013 agus a próiseáladh a fhad le lár Mhárta 2014)

Gach bliain, soláthraíonn Vhi Healthcare rochtain ar réimse nua drugaí nuálacha mar aon le teicnící agus teiripí a cruthaíodh go bhfuil siad éifeachtach i dtaobh cúrsaí cliniciúla de agus atá dírithe ar fheabhas a chur ar thorthaí chúram sláinte i measc othar. I rith 2013, áiríodh leo seo ceimiteiripe a sholáthar ar bhonn fo-chraicneach, ar modh úrnua seo chun drugaí ceimiteiripe a sholáthar atá níos tapúla, níos áisiúla agus nach bhfuil chomh hionrach céanna leis an modh traidisiúnta infhéitheach. Ba iad Vhi Healthcare an chéad árachóir le cumhdach a chur ar tairiscint le haghaidh Cyberknife in 2013. Seo córas speisialaithe radamháinliacht róbaice a úsáidtear chun cóir leighis a chur ar shiadaí ailseacha.

BAINISTÍOCHT COSTAIS ÉILEAMH AGUS ÉIFEACTHÚLACHT A CHUR CHUN CINN

Tá Vhi Healthcare go hiomlán tiomanta do chostais a bhainistiú agus neamhéifeachtúlacht inár ngnólacht a laghdú. Táimid ag tabhairt faoi chlár um shrianadh costais éileamh ó 2009 i leith agus chruthaíomar coigiltí suntasacha i líon príomhlimistéar, ar nós rátaí laghdaithe arna n-íoc le hospidéal agus le comhairligh, úsáid mhéadaithe bainte as táscairí cliniciúla agus iniúchadh cliniciúil agus aistriú leanúnach na cóireála chuig an suíomh is costéifeachtúla.

Bhí costais ní b'ísle le híoc ag Vhi Healthcare in 2013, i gcomparáid le 2012. Baineadh seo amach trí mheascán

de bhearta, cláir sprioctha éifeachtúlachta éileamh a chur i bhfeidhm, mar aon le laghdúithe ar tháillí a íocadh le soláthróirí, gníomhaíocht mhéadaithe ár n-aonaid imscrúdaithe éileamh speisialta agus aistriú leanúnach nósanna imeachta chuig suíomhanna níos ísle costais, agus suíomhanna atá oiriúnach ó thaobh cúrsaí leighis de ina measc siúd. Aithnímid gurb í an tsaincheist is mó atá roimh ár gcustaiméirí ná inacmhainneacht, agus leanfaimid le tús áite a thabhairt do bhainistíocht costais, d'fhonn costais a ísliú don chustaiméir, agus cáilíocht an chúraim a choimeád, dea-chleachtais a fhorbairt, na torthaí is fearr is féidir a spreagadh agus a chinntiú, i gcomhthráth a chéile, nach mbaintear an iomarca úsáide as rud ar bith.

In Aibreán 2013, bhunaigh Vhi Healthcare Aonad Cógaisíochta agus Ionchlannaithe Leighis chun dul i ngleic le costais mhéadaitheacha i limistéar an ionchlannaithe leighis agus drugaí ardchostais. Tá an t-aonad bunaithe agus i mbun réachtála agus tá siad ag díriú ar phraghsáil thrédhearcach tagartha a úsáid le haghaidh roinnt feistí ardchostais agus ar úsáid a bhaint as drugaí cineálacha d'fhonn breis coigiltí a bhaint amach.

Lean Aonad Imscrúduithe Speisialta (SIU) Vhi Healthcare agus an próiseas athbhreithnithe leighis le coigiltí a bhaint amach, agus €14.8 milliún a aisghabháil sa bhliain atá faoi chaibidil. Méadaigh úsáid níos fairsinge a baineadh as anailísíocht sonraí ag an SIU sárúithe toilleadh leapacha agus an iomarca úsáide a bhaint a bhaint as leapacha a shainaithe agus sholáthair méadú ar ghlaonna bailíochtaíthe réamhíocaíochta agus iaríocaíochta breis coigiltí sa tréimhse atá faoi chaibidil.

Limistéar eile ar ar díriodh ná athbhreithniú méadaithe cliniciúil, athbhreithniú ar úsáid agus iniúchadh cliniciúil. Cuireadh feabhas ar tháscairí cliniciúla le haghaidh gnáthaimh 'scópachta' i measc gnáthaimh dhiagnóiseacha ionscópacha (gastrascópacht, ionscópacht ar an drólann, etc.) dífhibrileoirí cairdiacha agus angagraim chairdiacha. Anuas air sin, thosaíomar ag oibriú le heagraíocht idirnáisiúnta, ar bhonn píolótach, chun cabhrú linn chun cláir iniúchta chliniciúil a thabhairt isteach le hoiriúnacht na n-iontrálacha agus na gcóireálacha a chinntiú thar ceann ár gcustaiméirí.

NUÁLAÍOCHT AGUS ÉAGSÚLACHT

Leanann Vhi Healthcare le dul i mbun nuála agus táirgí agus seirbhísí nua a thabhairt chun an mhargaidh. Leanann ár dtáirgí éagsúlaithe le tréanfheidhmíocht a thaispeáint, agus b'ionann ioncam ó na táirgí seo agus €21 milliún don bhliain atá faoi chaibidil.

- Lean Ionaid Leighis Vhi i mBaile Átha Cliath agus Corcaigh le rochtain a sholáthar do chustaiméirí ar thástálacha agus ar scagthástálacha a bhí in ainm is cabhrú le custaiméirí tuiscint níos fearr a fháil ar a sláinte agus bainistíocht níos fearr a dhéanamh uirthi. Faoi dheireadh Nollaig 2013, rinneadh scagthástáil ar bhreis agus 30,000 i dtaobh dhiaibéiteas shaghas II agus tosca riosca cardashoithíochta. In 2013, bronnadh an gradam mór le rá 'Ionad Ginearálta Cúram Sláinte na Bliana 2013' ar Ionad Leighis Vhi Healthcare, Corcaigh ag Gradaim Chúram Sláinte na hÉireann 2013.
- Chuir Vhi HomeCare, seirbhís atá faoi stiúir comhairleach, a sholáthraíonn cóireáil de chineál 'ospidéal sa bhaile', cóir leighis ar bhreis agus 3,000 custaiméirí ó seoladh é in 2010, arb ionann seo agus nach mór 40,000 lá leapa ospidéil nó €13.5 milliún a choigilt. In 2013, bronnadh creidiúnú mór le rá (Idirnáisiúnta Comhchoimisiúin (JCI) ar an tseirbhís mar aitheantas ar an ardchaighdeán de sheirbhís a soláthraíodh.
- Lean polasaithe árachais taistil Vhi Healthcare, a áiríonn Vhi International (polasaí easaoránach árachais do dhaoine

atá ag bogadh thar lear ar feadh breis agus sé mhí), árachas taistil do Thurasóirí Mála Droma agus MultiTrip ó Vhi Healthcare, le dea-fheidhmíocht a léiriú agus rinne siad an bealach a stiúradh i dtaobh roghanna ardchaighdeán árachas taistil a sholáthar. Tháinig fairsingiú ar an réimse taistil i Samhain 2013 le plean nua a áireamh, Vhi Canada Cover, a dearadh le freastal go sonrach ar chustaiméirí a bhí ag iarraidh leas a bhaint as víosa dhá bhliana chuig Ceanada an IEC (International Experience Canada).

- Lean chéad ionad cúraim phráinnigh na hÉireann, Clinici Vhi SwiftCare, le cúram ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí, agus cóir leighis a chur ar 60,000 othar ar a raibh mionghortuithe agus mionbhreiteacht in 2013. Is iad na chéad chúig riocht is mó a dtagtar orthu faoi láthair ag Clinici Vhi SwiftCare gortuithe fíocháin bhoig, briseadh, leonadh agus struis, fadhbanna riospráide agus mionghearradh. Theastaigh X-ghathanna ó thart ar 40% de na hothair a thug cuairt ar na Clinici, agus fuair an fuilleach comhairliúcháin maidir le teacht i láthair neamhchnámharlaigh, miondónna, gearradh ónar theastaigh greamanna, gortuithe spóirt agus riochtaí neamhphráinneacha eile san áireamh. I rith 2013, d'éirigh le gach Clinic Vhi SwiftCare le deimhniú ISO/Creidiúnú CHKS a chríochnú agus sonraíodh comhlíonadh 100% i ngach catagóir a scrúdaíodh.
- Foireann thiomanta iad Roghanna Corparáideacha Vhi ('Vhi Corporate Solutions') a sholáthraíonn cláir um chúnamh d'fhostaithe do bhreis agus 500 cuideachta ar fud na tíre. I rith 2013, mhéadaigh Vhi Healthcare a seirbhís bhainistíochta struis teagmhais chriticiúil dá gcliaint.
- I rith 2013, chuir Vhi Healthcare agus DeCare Dental deireadh lena gcomhpháirtíocht ghnó. D'iontráil Vhi Healthcare láithreach i gcomhaontú le comhpháirtithe nua le Vhi Dental a sholáthar. Tugtar cumhdach iontach do chustaiméirí Vhi Dental le haghaidh cóireálacha agus cothabháil leanúnach fiaclóireachta. Ina theannta sin, chuir Vhi Dental tús le háis um íocaíocht dhíreach le fiaclóirí rannpháirteacha, agus tá súil againn seo a fhairsingiú in 2014, a chuireann ar chumas custaiméirí taitneamh a bhaint as na sochair a bhaineann le híocaíocht dhíreach agus a chinntíonn bealach níos áisiúla do chustaiméirí chun aire a thabhairt dá riachtanais fiaclóireachta.

FREAGRACHT AGUS URRÁIOCHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

Is deas le Vhi Healthcare baint a bheith acu le comhpháirtíocht Jobnet/Worklink agus, go háirithe, ina gcuid imeachtaí Network2Getwork. Bhí Vhi Healthcare bainteach leis an gclár seo ar feadh roinnt ama, agus éascaitheoirí á soláthar do chúrsa Jobnet agus trí ríomhairí glúine, trealamh ríomhaire agus saineolas gnó a dheonú. Sholáthair Worklink oiliúint phostbhainteach do bhreis agus 750 gairmí, chuaigh 65% díobh seo ar aghaidh isteach i bhfostaíocht nó i mbreisoideachas. Níos tábhachtaí ná sin, cabhraíonn Worklink leis an dóchas, féinmhuinín, muinín agus baintint féinfhiúntais atá ag daoine a aisghabháil. Tá Vhi Healthcare an-tiomanta don tionscnamh seo agus soláthraíodh siad, in 2014, breis cistiú agus acmhainní chun cabhrú leis na rannpháirtithe sa scéim seo.

Anuas air sin, tá baint ag Vhi Healthcare sa chlár Gnóthachtála Sóisearaí, arb eagraíocht neamhbhrabúsach iad a bhfuil sé de chuspóir acu cultúr fiontraíochta a chruthú laistigh den chóras oideachais. Cuirtear tús le cláir ag leibhéal na bunscóile agus leanann na cláir a fhad leis an meánscoil. Bhí ionad seirbhíse do chustaiméirí Vhi Healthcare i gCill Chainnigh ina n-óstaigh le déanaí ar mhic léinn ó Mheánscoil Loreto mar chuid de chlár sé seachtaine Gnóthachtála Sóisearaí "Maoinigh do Thodhchaí" ('Finance Your Future'). Tá sé mar chuspóir ag an gclár seo chun


tuisceant a thabhairt do mhic léinn ar na sochair a bhaineann le bainistíocht rathúil a dhéanamh ar a n-airgeadas pearsanta nuair a fhágann siad an scoil. Bhí baint dhíreach ag foireann Vhi Healthcare le cóitseáil a dhéanamh ar na mic léinn le linn an chláir shé seachtaine. Anuas air sin, tugadh mic léinn ar thuras timpeall áis Chill Chainnigh agus chas siad le fostaithe chun plé a dhéanamh ar a ngairm agus ar a ról laethúil.

In 2013, bhí Vhi Healthcare mar chomhpháirtithe le tionscnamh Blue September, a bhfuil sé de chuspóir aige fir a chur ar an eolas faoi na hailsí sonracha a imríonn tionchar orthu agus iad a spreagadh chun dul chuig an dochtúir go seiceálfar iad faoi aon ábhar buartha a bhíonn acu. I bhfeachtas 2013, tháinig na hÉireannaigh mhóra le rá, Dermot Whelan agus Bernard O'Shea i láthair chun an dúshlán a bhaineann le 'Dare to go blue' a thabhairt chun solais, inar iarradh ar rannpháirtithe páirt a ghlacadh i réimse éachtaí, gníomhaíochtaí agus dúshláin dúshlánacha chun teachtaireacht Blue September a chur chun cinn agus chun cistí a theastaíonn go géar a thiomsú le haghaidh chomhghuaillíocht charthanachta Blue September; Cónaidhm Mater, Baile Átha Cliath, Achainí Ailse Ospidéal na Trócaire agus Cancer Care West. Bliain i ndiaidh bliana, bíonn Vhi Healthcare ag croilár soláthar cúram aille, agus a chinntiú gur féidir lenár gcustaiméirí sochar a bhaint as dul chun cinn i dteicneolaíocht agus i gcógaisíocht mhíochaine, a bhaineann na torthaí is fearr amach. Tá sé an-spreagúil a fheiceáil, in ainneoin láithreach mhéadaitheach na hailse in Éirinn, go leanann feabhas ag teacht ar rátaí marthanachta. Tá seo go príomha mar gheall ar fheabhsúcháin ollmhóra ar theiripe agus cóireáil. Anuas air sin, cuireann feachtas mhéadaithe, brath níos luaithe agus rochtain ar áiseanna scagthástála le torthaí níos rathúla. Ag Vhi Healthcare, tá dóchas againn go gcabhróidh ár gcomhpháirtíocht le Blue September leis an treocht seo chun leanúint agus an gá atá le feachtas leanúnach ar phríomhailsí i measc fear a chur chun cinn.

DEARCADH

Is í an sprioc láithreach le haghaidh Vhi Healthcare in 2014 údarú a chinntiú ag an mBanc Ceannais. Agus iad ar an bpríomhárachóir sláinte in Éirinn, tá Vhi Healthcare tiomanta do leanúint le bealaí a shainaithe chun éifeachtúlacht a thabhairt chun an mhargaidh agus chun dul i ngleic leis an tsaincheist inacmhainneachta atá roimh an earnáil árachas sláinte. Leanfaimid le tús áite a thabhairt don limistéar seo, d'fhonn costais a ísliú don chustaiméir, agus cáilíocht an chúraim a choimeád, dea-chleachtais a fhorbairt, na torthaí is fearr is féidir a spreagadh agus a chinntiú, i gcomhthráth a chéile, nach mbaintear an iomarca úsáide as rud ar bith.

Leanfaidh Vhi Healthcare le tacú le clár leasaithe cúram sláinte an Rialtais ionas gur féidir rud fíor a dhéanamh d'Árachas Uilíoch Sláinte, agus táimid ag súil le bheith rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin. Ní mór dúinn córas sláinte a bheith againn atá inmharthana ó thaobh airgeadais de a sholáthraíonn torthaí níos fearr cúram sláinte do na daoine is breoite agus is leochailí inár sochaí.



John O'Dwyer

Príomhfheidhmeannach

*Tagair do Nóta 1, le do thoil, Nótaí le na Cuntais

Tá áthas ar na Stiúrthóirí an 57ú Tuarascáil Bhliantúil dá gcuid a chur i láthair de réir Alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957. Áirítear leis an tuarascáil seo Cuntais an Bhoird agus na nótaí gaolmhara atá mar chuid de na Cuntais, agus ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán cuntasaoíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus comhlíonann siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

1. PRÍOMH-GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is corparáid reachtúil a bunaíodh faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957 é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh agus tá sé ina chuspóir aige córas airgeadais a sholáthar do chúram sláinte príobháideach, á chur ar fáil ar bhunús cúnamh fhrithpháirtigh.

2. TORTHAÍ

Tá na torthaí comhdhlúite don 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2013 leagtha amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

3. ATHBHREITHNIÚ AR AN NGNÓ AGUS FORBAIRTÍ SA TODHCHAÍ

Tá athbhreithniú ar ghnó a rinneadh i rith na bliana, mar aon le tuairimí an Bhoird faoi fhorbairtí dóchúla sa todhchaí, le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh.

4. FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Ceanglaítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach tréimhse airgeadais, ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí an Bhoird agus ar bharrachas nó easnamh an Bhoird don tréimhse sin.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaoíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Bord i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais na heagraíochta agus lena gcuirtear ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaoíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus go gcomhlíonann siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na

heagraíochta a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

5. RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tacaíonn na Stiúrthóirí leis na prionsabail Rialachais Chorporáidigh atá mínithe i gCód Rialachais Chorporáidigh Bhanc Ceannais na hÉireann d'Institiúidí Creidmheasa agus do Ghnóthais Árachais. Cé nach bhfuil an Bord údaraithe faoi láthair ach i ndáil le gníomhaíochtaí idirghabhála amháin, tá iarracht déanta ag an mBord cloí le forálacha infheidhmithe an Chóid. Ceapadh Príomh-Oifigeach Riosca i rith na bliana, agus cuireadh struchtúir i bhfeidhm i rith na bliana chun cloí le forálacha an chóid as seo amach.

Measann na Stiúrthóirí go mbeidh an Bord in ann forálacha an Chóid a chomhlíonadh, ach amháin i gcás ceapachán agus téarmaí oifige Stiúrthóirí, atá ina fhreagracht de chuid an Aire Sláinte.

An Bord Stiúrthóirí

Is ar leithligh atá ról an Chathaoirligh agus an Phríomhfeidhmeannaigh. Is é an tAire Sláinte a cheapann gach Stiúrthóir.

Tagann an Bord le chéile aon uair déag in aghaidh na bliana ar a laghad agus bíonn sceideal foirmiúil ábhar curtha in áirithe dó go sonrach chun cinneadh a dhéanamh ina leith, lena n-áirítear an plean straitéiseach foriomlán, pleananna bliantúla oibriúcháin, an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais bhliantúla agus mórgníomhaíochtaí corporáideacha a fhaomhadh. Seoltar páipéir an Bhoird chuig gach comhalta i ndóthain ama roimh chruinnithe. Tá oiliúint agus treoir chuí ar fáil do gach Stiúrthóir nuair a cheaptar chuig an mBord iad, agus cuirtear oiliúint bhreise ar fáil ina dhiaidh sin, de réir mar is gá. Tá nósanna imeachta leagtha amach ag an mBord freisin do Stiúrthóirí maidir le comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh. Tá rochtain ag gach Stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí agus tá clúdach árachas dliteanais Stiúrthóra i bhfeidhm. Tá próiseas i bhfeidhm ag an mBord chun meastachán a dhéanamh ar a chuid feidhmíochta.

Tinreamh ag Cruinnithe Boird a tionóladh i rith na bliana airgeadais

| | An Bord | | Iniúch-óireacht | | An Coiste Luach Saothair | | Bainistiú Riosca & Comhlíonadh | | Infheistiú | | Straitéis | | Athbhreithniú ar Bhainistiú Costas | |
|--------------------|---------|----|-----------------|---|--------------------------|---|--------------------------------|---|------------|---|-----------|---|------------------------------------|---|
| | A | B | A | B | A | B | A | B | A | B | A | B | A | B |
| Martin Sisk | *12 | 12 | | | 3 | 3 | 3 | 3 | 1 | 1 | 2 | 2 | 4 | 4 |
| Seamus Creedon | 12 | 12 | | | | | *6 | 6 | | | 2 | 2 | | |
| Christy Cooney | 11 | 12 | 4 | 4 | | | | | *1 | 1 | | | | |
| Celine Fitzgerald | 12 | 12 | 3 | 4 | 3 | 3 | | | | | | | 4 | 4 |
| Liam Downey | 12 | 12 | 3 | 4 | *3 | 3 | | | | | | | | |
| Cathriona Hallahan | 9 | 12 | *4 | 4 | | | | | | | | | 0 | 2 |
| John Melvin | 12 | 12 | | | | | 5 | 6 | | | 2 | 2 | *4 | 4 |
| Terry O'Niadh | 12 | 12 | | | | | 6 | 6 | | | 2 | 2 | 4 | 4 |
| Dr Ruth Barrington | 12 | 12 | 4 | 4 | 1 | 1 | | | | | 2 | 2 | 3 | 3 |
| Declan Moran | 5 | 5 | | | | | 6 | 6 | | | 1 | 2 | | |
| John O'Dwyer | 12 | 12 | | | 3 | 3 | 5 | 6 | 1 | 1 | *2 | 2 | 4 | 4 |

Colún A: Líon na gcruinnithe sceidealta a ndearnadh freastal orthu le linn na tréimhse ina raibh an Stiúrthóir ina chomhalta den Bhord agus/nó den Choiste

Colún B: Líon na gcruinnithe a tionóladh i rith na tréimhse ina raibh an Stiúrthóir ina chomhalta den Bhord agus/nó den Choiste
* = Cathaoirleach an Choiste

Ceapacháin/Éirí as i rith na bliana:

Declan Moran – téarma ar an mbord imithe in éag an 30 Aibreán, 2013
Agus, Christy Cooney – téarma ar an mbord imithe in éag an 23 Feabhra, 2014

An Coiste Iniúcháireachta

Tá an Coiste Iniúcháireachta, ar bhunaigh an Bord é, comhdhéanta de thriúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin ar a laghad. Tagann an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad agus déanann sé athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, ar cheisteanna maidir le stiúradh inmheánach agus ar éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh. Ina theannta sin, cuireann an Coiste Iniúcháireachta moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hiniúcháirí seachtracha a cheapadh agus déanann sé measúnú ar a n-oibiachtúlacht agus a neamhspleáchas. Déantar athbhreithniú freisin ar an bplean maidir le hiniúchadh seachtrach agus ar thorthaí ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Tá príomhróil agus freagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta leagtha amach i dtéarmaí tagartha, i scríbhinn, agus tá siad ar fáil ach iad a iarraidh.

Tá próiseas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta chun a chinntiú nach mbeidh neamhspleáchas na hiniúcháireachta i gcontúirt, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar chineál agus mhéid na seirbhísí a sholáthraíonn na hiniúcháirí seachtracha trína athbhreithniú bliantúil ar tháillí a íoctar leis na hiniúcháirí seachtracha as seirbhísí iniúcháireachta agus seirbhísí neamh-iniúcháireachta.

An Coiste Bainistithe Riosca agus Comhlíonta

Tá Coiste Bainistithe Riosca agus Comhlíonta ceaptha ag an mBord. Cuimsíonn an Coiste beirt Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar a laghad, arb é a bpríomhchuspóirí éifeachtacht fhoriomlán an rialachais chorparáidigh a chur chun cinn agus maoirseacht, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na gcóras um chomhlíonadh agus bainistiú riosca.

An Coiste Luach Saothair

Tá Coiste Luach Saothair ceaptha ag an mBord freisin, atá comhdhéanta den Chathaoirleach agus triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Tá an Coiste sin freagrach as iarrthóirí a mholadh maidir le ceapacháin chuig an lucht bainistíochta sinsearaí, agus as beartais luach saothair.

Rialú Inmheánach

Tá éifeacht tugtha ag an mBord do mholtaí a dhéantar in Internal Control: Guidance for Directors on the Corporate Governance Code for Credit Institutions and Insurance Undertakings. Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus as a éifeachtúlacht a athbhreithniú, agus comhlíonann siad an fhreagracht sin trí chruinnithe rialta den Choiste Iniúcháireachta. Tá an fhreagracht as cur i bhfeidhm an chórais sin tarmlichte acu don Bhainistíocht Feidhmiúcháin ar bhonn lá go lá.

Soláthraíonn an córas rialaithe inmheánaigh ráthaíocht réasúnta, ach ní ráthaíocht iomlán, go bhfuil na sócmhainní á gcosaint ó úsáid nó diúscairt neamhúdaraithe, go bhfuil taifid chuntasaíochta chuí á gcoimeád agus gur iontaoifa í an fhaisnéis arna soláthar leo, le haghaidh úsáide inmheánaí agus foilsithe araon.

Is iad seo a leanas príomheilimintí an chórais:

- tá beartais, nósanna imeachta agus struchtúir eagraíochta i bhfeidhm lena dtacaítear le timpeallacht rialaithe láidir;
- áirítear leis an straitéis ghnó, leis an bpleanáil agus leis an bpróiseas buiséadach anailís ar na mór-rioscaí gnó a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht. Próiseas leanúnach is ea an measúnú riosca ar a leagann an Bord béim shuntasach;
- soláthraítear sraith chuimsitheach faisnéis bhainistíochta agus táscairí feidhmíochta go pras ar bhonn míosúil. Cumasaítear leis sin monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn os coinne aidhmeanna fadtéarmacha agus buiséid bhliantúla, treochothaí a mheas agus gníomhú i ndáil le hathraithe. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha fadtéarmacha agus déantar iad a nuashonrú go rialta;
- déantar nósanna imeachta cuntasáíochta a dhoiciméadú, timthriallta gnó a shainiú, cláir ama cuntasáíochta a mhionsonrú, comhéadain uathoibríoch a rialú, próisis athbhreithnithe agus réitigh a chur i bhfeidhm, dualgais a scaradh agus teorainneacha údaraithe a sheiceáil. Leithdháileadh freagracht i ndáil le gach mórfeidhm ghnó do bhaill foirne a bhfuil taithí agus cáilíochtaí acu;
- ullmhaíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí plean Iniúchóireachta Inmheánaí agus formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta é. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí don Choiste Iniúchóireachta ar bhonn leanúnach.

Sócmhaineacht agus Caipitliú

Tá cuntais an Bhoird ullmhaithe ar bhonn gnóthas leantach agus tá na Stiúrthóirí sásta gur gnóthas leantach é an Bord, a bhfuil dóthain acmhainní aige chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Agus iad ag teacht ar an tuairim sin, measann na Stiúrthóirí gurb oiriúnach é sin a dhéanamh bunaithe ar Phlean Oibríocháin an Bhoird do 2014 agus ar phleananna meántéarmacha an Bhoird agus ar bheartas an Rialtais i ndáil le húdarú. Tá oibleagáid reachtúil ar an mBord a chinntiú go nginfidh Vhi Healthcare dóthain airgid sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh chun freastal ar riachtanais an ghnó. In éagmais athchóiriú rialála leordhóthanach, ní raibh, agus ní bheidh, aon rogha ag an mBord ach straitéisí malartacha a chur i bhfeidhm lena mbainfear amach a chuid oibleagáidí reachtúla.

6. LUACH SAOTHAIR NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá leibhéal an luacha saothair bhliantúil don Chathaoirleach agus do gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin leagtha síos ag an Rialtas ag €20,520 agus €11,970 faoi seach le héifeacht ón 1 Samhain 2011. Ní fhaigheann na Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin aon luach saothair eile ná ní bhíonn aon chomhaontuithe seirbhíse ná aon chonarthaí acu leis an mBord.

7. PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS PRÍOMH-NEAMHCHINTEACHTAÍ

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar chomhlachtaí anois cur síos a thabhairt ar na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí atá le sárú acu. D'ainneoin nach bhfuil an Bord faoi réir forálacha dlí cuideachta, measann na Stiúrthóirí gur rialachas corparáideach slán é a leithéid de chur síos a sholáthar. Rinne an Bord athbhreithniú ar a chuid rioscaí maidir le gnéithe straitéiseacha agus gnéithe oibríocháin araon. Is é an príomhdhúshlán atá os comhair an Bhoird Údarú a bhaint amach ó Bhanc Ceannais na hÉireann faoin 31 Nollaig, 2014. Éilítear leis sin a bheith in ann a léiriú gurb ann do ghnó inbhuanaithe sa timpeallacht rialála a chuireann ar chumas na heagraíochta riachtanais sócmhaineachta Bhanc Ceannais na hÉireann a choimeád ar bun, lena mbeidh i gceist, inter alia:

- a. an gá atá le córas níos láidre um chothromú fiontar
- b. an gá atá le tuilleadh caipitil.

Cuireadh tús leis an scéim nua um chothromú fiontar in Eanáir 2013. Cruthaíonn an reachtaíocht Ciste um Choithromú Fiontar a riarann an tÚdarás Árachais Sláinte. Tá an Ciste in ainm is tacú leis an margadh pobalráitithe trí shochair um choithromú fiontar a sholáthar maidir leo siúd atá os cionn aois 60 a chabhraíonn chun íoc as costais arda a n-éileamh. Is éagsúil do na sochair shláinte de réir aoise, insnce agus Ardleibhéal/Neamh-Ardleibhéal Cumhdaigh.

Is éard atá i gceist le Gnáthleibhéal Clúdaigh ná an cás ina bhfuil an clúdach árachais suas go dtí uasmhéid de 66% den chostas iomlán le haghaidh táillí ospidéal in ospidéal príobháideach.

Ina theannta sin tá beart stádas sláinte lena soláthraítear creidmheasanna sláinte i leith gach fanacht thar oíche i leaba ospidéal i gcóiríocht phríobháideach nó leathphríobháideach. Bíonn gach creidmheas cistithe ag tobhach árachais sláinte arna íoc ag árachóirí sláinte agus a dtagann athrú air de réir an Leibhéal Clúdaigh, i.e., Ardleibhéal/Gnáthleibhéal (tá sonraí iomlána na dtobhach agus na gcreidmheasanna leagtha amach mar fhaisnéis fhorlíontach sna Nótaí a ghabhann leis na Cuntais).

Faoi mar a bhí an cás i mblianta roimhe seo, ní raibh an scéim um choithromú fiontar go hiomlán éifeachtach in 2013, agus ní dhearna siad ach níos lú ná 58% den fhiontar a chúiteamh.

Ina theannta sin, is iad seo a leanas na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí atá le sárú ag an ngnólacht:

- I. A inbhuaine atá margadh árachais sláinte phríobháidigh pobalráitithe i gcomhthéacs na mbrúnna costais an-suntasach seo a leanas:
 - (i) treochothaí déimeagrafacha, agus méadú suntasach ag teacht ar chostais árachais sláinte phríobháidigh mar gheall ar an bpobal a bheith ag dul in aois;
 - (ii) an timpeallacht gheilleagrach, nár féidir le líon mór daoine óga íoc as árachas sláinte príobháideach a thuilleadh inti;

- (iii) méadú ar chumas agus ar chóireálacha, a bhfuil méadú suntasach ar chostais ina thoradh air;
- (iv) táillí ospidéal phoiblí, arna gcinneadh ag an rialtas agus aigesean amháin;
- (v) boilsciú leanúnach ar chostais leighis, a eascraíonn as forbairt teicneolaíochtaí nua, drugaí nua, cóireála nua srl;
- (vi) méadú suntasach ar an acmhainn leapacha príobháideacha, toisc go bhfuil sé ina thréith den mhargadh cúram sláinte go mbeidh borradh ar éileamh chun oiriúnú don soláthar.

II. I mí Feabhra 2010 thionscain an Coimisiún Eorpach cás i gcoinne Stát na hÉireann a bhí dírithe ar dhíolúine leanúnach Vhi Healthcare i leith chur i bhfeidhm rialacha an AE maidir le hárachas neamhshaoil. Ar an 29 Meán Fómhair, 2011, chinn an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach gur theip ar Éirinn a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi threoracha iomchuí an AE maidir leis an mainneachtain um reachtaíocht árachais an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ina hiomláine ar gach gnóthas árachais ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Tá sé tugtha le fios an Stát go mbeadh próiseas á thionscnamh agus gurb é is aidhm den phróiseas teacht ar an bpointe údaraithe, faoi réir cinneadh deiridh ón Rialtas ar chaipitliú faoi dheireadh na bliana 2013. Tá an dáta sin curtha siar faoi Ordú ón Aire go dtí Nollaig 2014.

III. Faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú), 2008, tugadh cumhachtaí tráchtála breise do Vhi Healthcare ach ní bheidh feidhm acu ach amháin tar éis do Bhanc Ceannais na hÉireann é a cheadú agus a údarú (féach II thuas).

Baineann Vhi Healthcare úsáid as roinnt Eochairtháscairí Feidhmíochta ar fud a chuid gníomhaíochtaí éagsúla agus tá na cinn is suntasaí leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil.

8. ÍOC PRAS CUNTAS

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air as a chinntiú go gcomhlíonfar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 (arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála), 2012). Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a aithint ar a mbíonn sonraisc dlite le híoc agus chun íocaíochtaí a dhéanamh ar na dátaí sin, agus dá réir sin, tá an Bord sásta gur chomhlíon an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh riachtanais na Rialachán.

9. FOGHNÓTHAIS AGUS GNÓTHAIS BHAINTEACHA

Tá foghnóthais an Bhoird agus a chuid gnóthas eile, amhail an 31 Nollaig 2013, leagtha amach i nóta 24.

10. LEABHAIR CHUNTAS

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Bord leabhair chuntais chuí agus baineadh amach é sin trí phearsanra cuntasáíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus trí chórais chuntasáíochta chuí a choinneáil i bhfeidhm. Tá na leabhair chuntas i gceannoifig an Bhoird ag Teach VHI, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

11. INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

Cuireann na hiniúchóirí neamhspleácha, Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte, iad féin i láthair le haghaidh atofa de réir Alt 19 (2) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957.

Thar ceann an Bhoird:

Martin Sisk
Cathaoirleach

Cathriona Hallahan
Stiúrthóir

An 26 Márta, 2014

TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO STIÚRTHÓIRÍ BHORD AN BHOIRD ÁRACHAIS SLÁINTE SHAORÁLAIGH

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013, lena gcuimsítear Ráitis Airgeadais an Ghrúpa: an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Comhdhlúite, an Clár Comhardaithe Comhdhlúite, an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid agus an Ráiteas Comhdhlúite ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána; agus Ráitis Airgeadais na Cuideachta: an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus an Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána agus an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara 1-28. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn).

FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS NA N-INIÚCHÓIRÍ FAOI SEACH

Mar a mhínítear níos iomláine sa ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais chun léargas fírinneach cóir a thabhairt. Táimid féin freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairim a chur in iúl ina leith i gcomhréir le dlí na hÉireann agus leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Cuirtear de cheangal orainn faoi na caighdeáin sin cloí leis na Caighdeáin Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

RAON FEIDHME AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é. Áirítear leis sin measúnú orthu seo a leanas: cibé is amhlaidh nó nach ea go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an ghrúpa agus an Bhoird, gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léamar an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad i dTuarascáil na Stiúrthóirí agus sna Ráitis Airgeadais Comhdhlúite 2013 chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon fhaisnéis a aithint ar cosúil gur mícheart go hábhartha í, bunaithe ar an eolas a fuarthas agus an t-iniúchadh seo a dhéanamh againn, nó atá ar neamhréir go hábhartha leis an eolas sin. Breathnaímid ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má thagann sé chun feasa dúinn gurb ann d'aon mhíríteas nó neamhréireacht ábhartha dealraitheach.

TUAIRIM AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Inár dtuairim, maidir leis na ráitis airgeadais:

- tugtar léargas fírinneach cóir iontu, i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí an ghrúpa agus an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2013, agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain dar chríoch ar an dáta sin; agus
- ullmhaíodh go cúí iad i gcomhréir leis an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957 agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

BÉIM AR ÁBHAR – SÓCMHAINNEACHT AGUS CAIPITLIÚ

Agus muid ag teacht ar ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais, nach modhnaithe í, dírimid d'aird ar nóta 1 maidir le hinmharthanacht airgeadais an Bhoird agus maidir leis an gceanglas nach mór don Bhord a bheith in acmhainn iarratas a dhéanamh ar cheadúnas árachais ó Bhanc Ceannais na hÉireann faoin 31 Nollaig, 2014. Mar gheall nach ann d'athchóiriú rialála a bhfuil Scéim éifeachtach um Chothromú Fiontar, a mheasann an Bord gur leordhóthanach í, ina thoradh air, is gá don Bhord straitéisí malartacha a mheas agus a chur i bhfeidhm agus brath ar bheartas an Rialtais i ndáil le húdarú.

CÚRSAÍ A GCEANGLAITEAR ORAINN TUAIRISCIÚ ORTHU TRÍ EISCEACHT

Níl aon rud le tuairisciú againn duit i leith fhorálacha an Achta Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957.

Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte agus
Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla
Baile Átha Cliath

An 26 Márta, 2014

RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaítear na cuntais de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus comhlíonann siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996 agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta um Chuntasáíocht i nGnó an Árachais arna ghlacadh ag Cumann Árachóirí na Breataine. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn comhdhlúite. Déantar gach idirbheart, gach iarmhéid, gach ioncam agus gach costas laistigh den Ghrúpa a dhíothú ar chomhdhlúthú.

Is iad seo a leanas na príomhbheartais chuntasáíochta arna nglacadh:

BUNÚS NA CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na cuntais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhionathrú ag athluacháil na n-infheistíochtaí. Le hultmhú na gcuntas de réir na gcleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh coitianta leo, ceanglaítear go mbainfí leas as an mbreithiúnas nuair a bhíonn beartais chuntasáíochta an Bhoird á gcur i bhfeidhm. Baineann na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina mbaineann suntas leis na toimhdí nó na meastacháin i leith na gcuntas, le forálacha maidir le héilimh atá gan íoc agus rioscaí neamhéagtha den chuid is mó, agus déantar doiciméadú orthu sna beartais chuntasáíochta anseo thíos. Tá na forálacha le haghaidh éilimh gan íoc agus rioscaí neamhéagtha bunaithe ar mhodhanna ríofa achtúireacha arna n-athbhreithniú ag achtúirí comhairleacha an Bhoird, Towers Watson Limited.

PRÉIMHEANNA GEALLTA

Is éard atá i gceist le méid comhlán na bpréimheanna geallta ná an t-ioncam préimhe is infhaighte ó bhaill maidir le polasaithe a thosaítear sa bhliain airgeadais.

Is éard atá i gceist le préimheanna neamhthuillte ná an chuid sin de na préimheanna a gealladh sa bhliain a bhaineann leis an téarma neamhéagtha de pholasaithe atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhordaithe, agus iad ríofa ar bhonn cionroinnt ama.

ÉILIMH A TABHAÍODH

Is éard atá i gceist le héilimh a tabhaíodh ná éilimh agus costais ghaolmhara a íocadh i rith na bliana mar aon le hathruithe ar fhorálacha le haghaidh éileamh gan íoc, lena n-áirítear forálacha le haghaidh costas measta na n-éileamh atá tuairiscithe ach nach bhfuil íochta fós, éilimh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe agus costais láimhseála ghaolmhara.

Léiríonn an fhoráil chomhlán le haghaidh éileamh an dliteanas measta ag éirí as éilimh mhíochaine arna dtabhú sa bhliain airgeadais reatha agus sna blianta airgeadais roimhe sin nach raibh éilimh íochta ina leith fós. Áirítear leis an bhforáil líuntas le haghaidh láimhseáil éileamh agus costas.

Déantar an fhoráil le haghaidh éileamh a mheas ar bhonn na faisnéise is fearr atá ar fáil chomh maith le faisnéis agus teagmhais ina dhiaidh sin. Cuirtear coigeartuithe ar mhéid na forála le haghaidh éileamh maidir le blianta roimhe sin san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain airgeadais ina ndéantar an t-athrú.

RIOSCAÍ NEAMHÉAGTHA

Déantar foráil, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil ag dáta an chláir chomhordaithe, d'aon easnaimh mheasta um fhriithghealladh a bhaineann le rioscaí neamhéagtha agus an toradh

infheistíochta ábhartha san áireamh. Déantar toimhdí stuama ionas gur cheart go mbeadh an fhoráil leordhóthanach i gcúinsí neamhfhábhra atá measartha intuartha.

CÁNACHAS IARCHURTHA

Soláthraítear cánachas iarchurtha ar dhifríochtaí uainithe idir bharrachas incháinithe an Bhoird agus a bharrachas mar a shonraítear sna cuntais é. Déantar na forálacha ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí uainithe. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is gur dócháil go n-aisghabhfar iad.

SOCHAR UM CHOTHROMÚ FIONTAR AGUS AN TOBHACH ÁRACHAS SLÁINTE

Is éard atá sna sochair um chothromú fiontar agus sa Tobhach Árachas Sláinte atá scríofa, na suimeanna atá infhaighte/iníochta leis an Údarás Árachais Sláinte agus na Coimisinéirí Ioncaim maidir le beartais a gcuirtear tús leo sa bhliain airgeadais.

Léiríonn an fhoráil do shochair/tobhach neamhthuillte/neamhchaite an chomhréir de shochair/den tobhach a scríobhadh sa bhliain sin a bhaineann le téarma neamhéagtha na mbeartas atá i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhordaithe, a ríomhadh ar bhonn cionranna ama. Aithnítear an glantairbhe ar bhonn préimh thuillte thar shaolré na mbeartas agus cuirtear san áireamh é mar ioncam teicniúil eile sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

Sonraítear na sócmhainní inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a gcuid saolréanna fónta measta ar bhonn méid cothrom mar seo a leanas:

| | |
|---|----------|
| Mótarfheithiclí | 4 bliana |
| Trealamh ríomhaireachta agus Bogearraí | 4 bliana |
| Troscán, feistis, trealamh míochaine agus trealamh oifige | 5 bliana |

I gcás caiteachais a thabhaítear maidir le forbairt córas ríomhaireachta atá suntasach ó thaobh méide agus a mheastar tairbhe gheilleagrach a bheidh ag an mBord ina leith a mhairfidh níos faide ná bliain amháin, déanfar é a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhe ina meastar go dtiocfaidh na tairbhí geilleagracha chun cinn. Tá an tréimhe sin faoi réir uasmhéid ceithre bliana. I gcás neamhchinnteachta maidir le tairbhe gheilleagrach an chaiteachais amach anseo, cuirtear é de mhúirear ar an gcuntas ioncaim agus Caiteachais.

INFHEISTÍOCHTAÍ

Sonraítear infheistíochtaí atá sealbhaithe le haghaidh trádála, lena n-áirítear urrúis liostaithe, ag an luach margaidh. Is éard atá sa luach margaidh ná an praghas tairgthe, lúide ús fabhráithe ag dáta an chláir chomhordaithe. Cinntear gnóthachain/caillteanais réadaithe ar idirbhearta infheistíochta ar bhonn meánchostais agus déantar taifead orthu sa chuntas ioncaim agus Caiteachais.

Sonraítear infheistíochtaí, nuair atá sé i gceist iad a choinneáil go dtí an dáta fuascailte, lena n-áirítear stoic rialtais agus stoic arna ráthú ag an rialtas, ag an gcostas amúchta thar an tréimhe idir an dáta ceannaigh agus an dáta fuascailte.

Déantar luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh go bliantúil ar bhonn luacháil margaidh oscailte. Déanann luachálaithe

RÁITEAS FAOI NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

neamhspleácha atá cáilithe go gairmiúil na luachálacha. Coinnítear na hionaid réadmhaoine uile atá áitithe ag an mBord i ndea-riocht i gcónaí ó thaobh deisiúcháin. Dá bhrí sin, measann na stiúrthóirí, i gcomhthéacs saolta geilleagracha agus luachanna iarmharacha na n-ionad réadmhaoine sin, nach mbeadh dímhéas suntasach i gceist, agus mar sin ní sholáthraítear é.

BEARNÚ

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais, seachas iad siúd ag an luach margaidh, le haghaidh táscairí bearnaithe ag dáta gach cláir chomhordaithe. Bfionn sócmhainní airgeadais bearnaithe nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil gurb amhlaidh, mar thoradh ar theagmhas amháin nó níos mó a tharla tar éis na sócmhainne airgeadais a aithint i dtosach, gur cuireadh isteach ar shreabhadh airgid measta na hinfheistíochta sa todhchaí.

IONCAM INFHEISTÍOCHTA

Glactar leis go n-áirítear leis an ús ar stoic agus taiscí banc ar ús seasta ioncam arna thuilleadh ar bhonn lá go lá. Tugtar cuntas ar an ioncam uile ar bhonn fabhráithe. Áirítear ioncam ó ghnáthscaireanna ar bhonn na ndíbhinní a fhaightear i rith na bliana airgeadais.

TORADH AR INFHEISTÍOCHT

Tuairiscítear na torthaí oibriúcháin bunaithe ar an toradh iarbhrí ar infheistíocht. Tá leithdháileadh thoradh na hinfheistíochta ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar an toradh ar infheistíochtaí a bhaineann leis an ngnó árachais.

INFHEISTÍOCHTAÍ I GCOMHFHIONTAIR, I BHFOGHNÓTHAIS AGUS I NGNÓTHAIS CHOMHLAIGH

Tugtar cuntas ar fhoghnóthais faoin modh costais. Tugtar cuntas ar ghnóthais chomhlaigh agus ar chomhfhiontair faoi mhodh an chothromais ghlain.

SOCHAIR SCOIR

Déantar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar agus dlíteanas na bpleananna le sochar sainithe a chinneadh trí mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus déantar luachálacha achtúireacha ag dáta gach cláir chomhordaithe.

Aithnítear costas seirbhíse, costas úis agus toradh ar shócmhainní scéime reatha sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha sa ráiteas ar ghnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlána. Aithnítear costas seirbhíse san am a caitheadh láithreach. Aithnítear an barrachas glan nó an t-easnamh glan ar an scéim pinsin le sochar sainithe, glan ó chánachas iarchurtha, ar an gclár comhordaithe.

Ina theannta sin, feidhmíonn an Chuideachta plean scoir le ranníocaíochtaí sainithe d'fhostaithe cáilitheacha a roghnaíonn a bheith páirteach ann. Sealbhaítear sócmhainní na bpleananna sin ar leithligh uathu siúd de chuid na Cuideachta, i gcistí atá faoi rialú na n-lontaobhaithe. Cuirtear costais a eascraíonn ina leith sin de mhuipear ar an Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite mar chostas de réir mar a bhíonn siad dlíte.

IONCAM EILE

Aithnítear ioncam eile sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse ina dtuilltear é agus léiríonn sé an luach sonraisc

agus luach na hoibre idir lámha maidir le seirbhísí arna soláthar, gan cáin bhreisluacha.

COSTAIS FÁLA IARCHURTHA

Na costais a thabhaítear i rith na bliana airgeadais atá inchurtha go díreach i leith gnó nua a ghnóthú, cuirtear iad de chostas sa tréimhse chuntasaíochta chéanna ina dtuilltear na préimheanna lena mbaineann siad. Aithnítear na costais fála eile go léir mar chostas nuair a thabhaítear iad.

Tar éis iad a aithint i dtosach, iarchuirtear na costais sin i gcomhréir leis an bhforáil le haghaidh préimheanna neamhthuillte. Dá bhrí sin, is ionann an méid atá iarchurtha agus comhréir na gcostas fála iomlána le seasamh ag an bhforáil le haghaidh préimheanna neamhthuillte agus préimheanna geallta comhlána. Déantar taifead ar an amúchadh sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Déantar athbhreithniú ar chostas fála iarchurtha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus díscríobhtar iad nuair a bhreithnítear nach bhfuil siad inghnóthaithe níos mó ó chorroiligh ionchais sa todhchaí.

STOC

Cuimsíonn an stoc trealamh míochaine agus sonraítear é ar a chostas nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, ar bhonn 'an chéad cheann isteach, an chéad cheann amach'. Cuimsíonn an costas an luach sonraisc ó na soláthraithe. Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar an bpraghas díola measta lúide aon chostas bhreise a mheastar a thabhfófar roimh chomhlíonadh agus dhiúscairt.

FORÁLACHA LE HAGHAIDH DLITEANAS

Táthar tar éis forálacha a chur san áireamh maidir le hoibleagáidí reatha aithnide a eascraíonn ó theagmhais san am atá caite bunaithe ar mheastacháin an lucht bainistíochta, lena n-áirítear athbhreithniú ar an bhfaisnéis a bhfuil fáil uirthi agus comhairle sheachtrach iomchuí nuair atá a leithéid ar fáil.

ATHÁRACHAS

Na préimheanna atá iníochta i ndáil le hathárachas géillte, aithnítear iad sa tréimhse ina ndéantar an conradh athárachais, agus ní bhaineann sé sin ach le préimheanna arna dtuilleadh sa bhliain airgeadais reatha.

Tá sócmhainn athárachais (sciar na n-athárachóirí de na héilimh gan íoc) aitheanta chun léiriú a dhéanamh ar an méid a mheastar atá inghnóthaithe faoi na conarthaí athárachais i ndáil le héilimh gan íoc a tuairiscíodh faoi dhlíteanas árachais. Déantar luacháil ar an méid atá inghnóthaithe ó athárachóirí ar dtús ar an mbonn céanna leis an bhforáil i leith na n-éileamh bunaidh. Déantar an méid inghnóthaithe a laghdú nuair is ann do theagmhas a thagann chun cinn tar éis an aitheantais tosaigh lena dtugtar fianaise oibiachtúil go bhféadfadh sé nach bhfaighidh an Chuideachta gach suim atá dlíte faoin gconradh, agus nuair a bhíonn tionchar intomhaiste, ar iontaofa é, ag an teagmhas ar an méid a mheastar a bheidh inghnóthaithe ón athárachóir.

CISTÍ ARNA SIARCHOINNEÁIL Ó NA HATHÁRACHÓIRÍ

Is ar bhonn chistí arna siarchoinneáil atá an conradh athárachais. Faoi na comhaontuithe, coinníonn an Bord préimheanna arb ionann iad leis an tsócmhainn athárachais ar a laghad i gcónaí.

CUNTAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS


CUNTAS TEICNIÚIL

| | Nótaí | Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | |
|--|-------|---------------------------------------|------------|
| | | 2013 €m | 2012 €m |
| Gníomhaíochtaí Leantacha | | | |
| Prémheanna Tuillte, tar éis atharachais: | 2 | | |
| Prémheanna geallta—comhlán | | 1,494.7 | 1,454.9 |
| Prémheanna atharachais amach | | (734.7) | – |
| Athrú ar an bhforáil chomhlán do phrémheanna neamhthuillte | | (4.3) | (23.6) |
| | | 755.7 | 1,431.3 |
| Ioncam infheistíochta leithdháilte aistrithe ón gcuntas neamhtheicniúil | | 14.0 | 19.4 |
| | | 769.7 | 1,450.7 |
| Ioncam teicniúil eile, tar éis atharachais: | | | |
| Scéim um Chothromú Fiontar—comhlán | 3 | 68.5 | 65.4 |
| Scéim um Chothromú Fiontar—sciar an atharachóra | | (34.3) | – |
| Coimisiúin atharachais | | 64.8 | – |
| | | 99.0 | 65.4 |
| Éilimh a tabhaíodh, tar éis atharachais: | | | |
| Éilimh a íocadh – comhlán | | (1,181.8) | (1,409.9) |
| Éilimh a íocadh – sciar an atharachóra | | 469.2 | – |
| Athrú ar an bhforáil d'éilimh—comhlán | | (184.0) | 14.2 |
| Athrú ar an bhforáil maidir le héilimh – sciar an atharachóra | | 206.5 | – |
| | 4 | (690.1) | (1,395.7) |
| Glanchoistais oibriúcháin | 5 | (99.5) | (59.0) |
| Iarmhéid sa chuntas teicniúil | | 79.2 | 61.4 |


CUNTAS NEAMHTHEICNIÚIL

| | Nótaí | Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | |
|---|-------|---------------------------------------|------------|
| | | 2013 €m | 2012 €m |
| Gníomhaíochtaí Leantacha | | | |
| Iarmhéid sa chuntas teicniúil | | 79.2 | 61.4 |
| Ioncam infheistíochta | 6 | 14.0 | 19.4 |
| Toradh infheistíochta leithdháilte aistrithe go dtí an cuntas teicniúil | | (14.0) | (19.4) |
| | | 79.2 | 61.4 |
| Ioncam Eile | 25 | 0.5 | 0.5 |
| Costais Eile | 26 | (5.8) | (5.2) |
| Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas | | 73.9 | 56.7 |
| Cánachas ar ghnáthghníomhaíochtaí | 7 | (8.9) | (2.4) |
| Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais atá aistrithe chuig cúlchistí | 8 | 65.0 | 54.3 |

D'fhaomh an Bord na cuntais ar an 26 Márta, 2014, agus shínigh na daoine seo a leanas iad ar a shon:



Martin Sisk
Cathaoirleach



Cathriona Hallahan
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE


SÓCMHAINNÍ

| | Nótaí | Amhail an 31 Nollaig | |
|--|-------|----------------------|----------------|
| | | 2013 €m | 2012 €m |
| Infheistíochtaí | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 9 | 19.5 | 20.2 |
| Infheistíochtaí airgeadais eile | 10 | 1,016.8 | 806.2 |
| Scair an Atharachóra d'Fhorálacha Teicniúla | | | |
| Éilimh gan íoc | | 206.5 | - |
| Féichiúnaithe | | | |
| Féichiúnaithe ó chustaiméirí ag eascairt as oibríochtaí árachais | | 411.7 | 407.8 |
| Féichiúnaithe eile | 11 | 235.1 | 175.9 |
| Sócmhainní Eile | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 12 | 5.6 | 14.4 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 9.5 | 2.2 |
| Cánachas iarchurtha | 13 | 2.7 | 5.4 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 2.2 | 2.0 |
| Ús fabhráithe | | 12.5 | 7.1 |
| Costais fála iarchurtha | 14 | 4.6 | 8.2 |
| Iomlán na Sócmhainní | | 1,926.7 | 1,449.4 |

DLITEANAIS

| | Nótaí | Amhail an 31 Nollaig | |
|---|-------|----------------------|----------------|
| | | 2013 €m | 2012 €m |
| Cúlchistí | | | |
| Cúlchiste ginearálta | | 388.9 | 323.9 |
| Forálacha teicniúla | | | |
| Foráil do phréimheanna neamhthuillte | | 497.0 | 492.6 |
| Éilimh gan íoc - comhlán | | 523.9 | 338.6 |
| Cistí arna siarchoinneáil don Atharachóir | | 206.5 | - |
| Creidiúnaithe | | | |
| Creidiúnaithe a eascraíonn as oibríochtaí árachais dhírig | | 35.6 | 36.9 |
| Creidiúnaithe a eascraíonn as oibríochtaí atharachais | | 30.3 | - |
| Creidiúnaithe agus fabhrúithe eile | 15 | 186.6 | 211.6 |
| Rótharraingt bhainc | | 24.2 | 9.2 |
| Dlíteanas na Sochar Scoir | 16 | 33.7 | 36.6 |
| Iomlán na nDlíteanas | | 1,926.7 | 1,449.4 |

D'fhaomh an Bord na cuntais ar an 26 Márta, 2014, agus shínigh na daoine seo a leanas iad ar a shon:



Martin Sisk
Cathaoirleach



Cathriona Hallahan
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE AN BHOIRD


SÓCMHAINNÍ

| | Nótaí | Amhail an 31 Nollaig | |
|--|-------|----------------------|----------------|
| | | 2013 €m | 2012 €m |
| Infheistíochtaí | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 9 | 19.5 | 20.2 |
| Infheistíochtaí airgeadais eile | 10 | 1,017.9 | 806.9 |
| Scair an Athárachóra d'Fhorálacha Teicniúla | | | |
| Éilimh gan íoc | | 206.5 | - |
| Féichiúnaithe | | | |
| Féichiúnaithe ó chustaiméirí ag eascairt as oibríochtaí árachais | | 411.7 | 407.8 |
| Féichiúnaithe eile | 11 | 235.0 | 176.1 |
| Sócmhainní Eile | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 12 | 5.4 | 14.2 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 9.3 | 2.1 |
| Cánachas iarchurtha | 13 | 2.7 | 5.4 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 2.2 | 2.0 |
| Ús fabhráithe | | 12.5 | 7.1 |
| Costais fála iarchurtha | 14 | 4.6 | 8.2 |
| Iomlán na Sócmhainní | | 1,927.4 | 1,450.0 |


DLITEANAIS

| | Nótaí | Amhail an 31 Nollaig | |
|---|-------|----------------------|----------------|
| | | 2013 €m | 2012 €m |
| Cúlchistí | | | |
| Cúlchiste ginearálta | | 389.1 | 324.3 |
| Forálacha teicniúla | | | |
| Foráil do phrémheanna neamhthuillte | | 497.0 | 492.6 |
| Éilimh gan íoc - comhlán | | 525.5 | 339.9 |
| Cistí arna siarchoinneáil don Athárachóir | | 206.5 | - |
| Creidiúnaithe | | | |
| Creidiúnaithe a eascraíonn as oibríochtaí árachais dhíriú | | 35.4 | 36.8 |
| Creidiúnaithe a eascraíonn as oibríochtaí athárachais | | 30.3 | - |
| Creidiúnaithe agus fabhráithe eile | 15 | 185.7 | 210.6 |
| Rótharraingt bhainc | | 24.2 | 9.2 |
| Dlitéanas na Sochar Scoir | 16 | 33.7 | 36.6 |
| Iomlán na nDlitéanas | | 1,927.4 | 1,450.0 |

D'fhaomh an Bord na cuntais ar an 26 Márta, 2014, agus shínigh na daoine seo a leanas iad ar a shon:



Martin Sisk
Cathaoirleach



Cathriona Hallahan
Stiúrthóir

RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI SHREABHADH AIRGID

| Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | | | |
|---|-------|--------------|------------|
| | Nótaí | 2013 €m | 2012 €m |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 17 | 211.0 | 21.8 |
| Cánachas | | – | (0.1) |
| Caiteachas caipitiúil | | (4.5) | (2.7) |
| | | 206.5 | 19.0 |
| Rinneadh sreabha airgid a infheistiú mar seo a leanas: | | | |
| Laghdú ar shéalúchais airgid thirim | | (7.7) | (4.3) |
| Glan-infheistíocht phunainne | 18&20 | 214.2 | 23.3 |
| Glanmhéadú ar shreabhadh airgid | 19 | 206.5 | 19.0 |

RÁITEAS COMHDHLÚITE UM GHNÓTHACHAIN AGUS CHAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

| Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | | | |
|--|-------|-------------|------------|
| | Nótaí | 2013 €m | 2012 €m |
| Barrachas don tréimhse airgeadais | | 65.0 | 54.3 |
| Cailiteanas achtúireach ar an scéim pinsin | 16 | (0.5) | (25.0) |
| Tuilleamh Coinnithe na Fochuideachta | | – | (0.6) |
| Gnóthachain aitheanta iomlán a bhaineann leis an tréimhse | | 64.5 | 28.7 |

RÁITEAS AN BHOIRD FAOI SHREABHADH AIRGID

| Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | | | |
|---|-------|--------------|------------|
| | Nótaí | 2013 €m | 2012 €m |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 17 | 210.5 | 22.0 |
| Cánachas | | - | (0.1) |
| Caiteachas caipitiúil | | (4.4) | (2.4) |
| | | 206.1 | 19.5 |
| Rinneadh sreabha airgid a infheistiú mar seo a leanas: | | | |
| Laghdú ar shéalúchais airgid thirim | | (7.8) | (4.4) |
| Glan-infheistíocht phunainne | 18&20 | 213.9 | 23.9 |
| Glanmhéadú ar shreabhadh airgid | 19 | 206.1 | 19.5 |

RÁITEAS AN BHOIRD UM GHNÓTHACHAIN AGUS CHAILLTEANAS AITHEANTA IOMLÁNA

| Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | | | |
|--|-------|-------------|------------|
| | Nótaí | 2013 €m | 2012 €m |
| Barrachas don tréimhse airgeadais | | 64.9 | 54.0 |
| Caillteanas achtúireach ar an scéim pinsin | 16 | (0.5) | (25.0) |
| Gnóthachain aitheanta iomlán a bhaineann leis an tréimhse | | 64.4 | 29.0 |

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

1. Sócmhainneacht agus Caipitliú

Tá cuntais an Bhoird ullmhaithe ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus tá na Stiúrthóirí sásta go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an mBord gur leanúint ar aghaidh ag oibriú agus chun ceanglais um chorrtaigh shócmhainneachta a chomhlíonadh go ceann i bhfad. Agus iad ag teacht ar an tuairim sin, measann na Stiúrthóirí go bhfuil sé oiriúnach é sin a dhéanamh bunaithe ar bhuiséad an Bhoird i gcomhair 2014 agus ar phleananna meántéarmacha an Bhoird agus ar bheartas an Rialtais i ndáil le húdarú.

Tá oibleagáid reachtúil ar an mBord a áirithiú go nginfidh Vhi Healthcare dóthain airgid sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh chun freastal ar riachtanais an ghnó, agus a cheanglas sócmhainneachta a chomhlíonadh dá réir sin. Chuir an Bord chlár atharachais i bhfeidhm in 2013 mar chuid den straitéis chun freastal ar an gceanglas sin.

Déanfar cúiteamh faoin Scéim nua um Chothromú Fiontar, dá dtagraítear i Nóta 3, le haghaidh thart ar 58% den riosca breise a ghabhann le custaiméirí atá os cionn 60 bliain d'aois a chur faoi árachas agus beidh an scéim neamhleor maidir le clúdach na gcaillteanas a thabhfófar i ndáil le freastal ar a gcuid riachtanas siúd. In éagmais athchóiriú leordhóthanach rialála a bhfuil Scéim éifeachtach Cothromaithe Fiontar ina thoradh air, ní raibh, agus ní bheidh, aon rogha ag an mBord ach straitéisí malartacha a mheas agus a chur i bhfeidhm lena mbainfear amach a chuid oibleagáidí reachtúla.

Tá cúlchistí ag Vhi Healthcare faoi láthair ar coibhéiseach iad le leibhéal sócmhainneachta 156% (2012: 108%) den cheanglas dlí um chorrtaigh sócmhainneachta íosta. Chun críocha chuspóirí Bhanc Ceannais na hÉireann, áfach, laghdaítear an leibhéal sócmhainneachta go dtí 145%. Léirítear leis an 156% sin an ríomh sócmhainneachta atá leagtha amach i dtreoir an AE um árachas neamhsaol. Léirítear leis an 145% coigeartuithe breise Bhanc Ceannais na hÉireann le haghaidh aonáin rialaithe. Tá coigeartuithe / srianta i gceist maidir le cúlchistí pinsin, atharachais agus athruithe ar éilimh. Éilíonn Banc Ceannais na hÉireann go ndéanfaí gnóthais a acmhainniú ag níos mó ná 100% den luach íosta i gcomhréir lena mheasúnú ar chineál agus ar scála a gcuid rioscaí.

Agus iarratas ar údarú á mheas aige, cuireann Banc Ceannais na hÉireann roinnt tástálacha i bhfeidhm, lena n-áirítear, inter alia,

- inbhuanaitheacht an ghnó
- leorgacht an leibhéil sócmhainneachta reatha
- leorgacht na staide meántearmaí um shócmhainneacht bunaithe ar chás doirbh 5 bliana.

Tá Ordú eisithe ag an Aire Sláinte lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse ar laistigh di ar gá do Vhi na cúlchistí caipitil riachtanacha a bheith údaraithe ag an mBanc Ceannais go dtí an 31 Nollaig, 2014.

Tá VHI sásta nach ndéanfaidh an réimeas Sócmhainneacht II a thiocthaidh i bhfeidhm an 1 Eanáir, 2016 athrú ábhartha ar a chuspóir i ndáil le riachtanais acmhainní airgeadais.

2. Prémheanna Tuillte

Is ionann gnó árachais an Bhoird agus árachas sláinte, go substaintiúil, agus baineann na prémheanna arna dtuilleadh leis an réimse gnó sin den chuid is mó. Is ionann an t-ioncam ó tháirgí cúnta agus €21m. Déantar an gnó go léir arna ghealltadh i bPoblacht na hÉireann.

3. An Ciste um Chothromú Fiontar agus an Tobhach Árachas Sláinte

| | 2013 | 2012 |
|---|-------------|-------------|
| | €m | €m |
| Creidmheasanna um Prémheanna Cothromaithe Riosca/Creidmheasanna Cánach Aoischoibhneasa | | |
| Suim Chomhlán | 353.5 | 328.0 |
| Scair an Atharachóra | (176.8) | – |
| Creidmheasanna um Úsáid Leaba Ospidéal | | |
| Suim Chomhlán | 7.2 | – |
| Scair an Atharachóra | (3.6) | – |
| Tobhach Árachas Sláinte | | |
| Suim Chomhlán | (292.2) | (262.6) |
| Scair an Atharachóra | 146.1 | – |
| An Scéim um Chothromú Fiontar (tar éis atharachais) | 34.2 | 65.4 |

Tugadh isteach scéim bhuan nua um chothromú fiontar san Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012, le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Faoin Acht sin, cuireadh sraith nua creidmheasanna iníoctha ón gCiste um Chothromú Fiontar nua atá á riar ag an Údarás Árachais Sláinte in ionad an chreidmheasa cánach aoischoibhneasa.

Creidmheas um Prémheanna Cothromaithe Fiontar

Tá an Creidmheas um Prémheanna Cothromaithe Fiontar iníoctha as an gciste i leith gach árachaí atá os cionn 60 bliain. Ón 31 Márta, 2014 i leith, tá feidhm ag rátaí laghdaithe creidmheasa i ndáil le clúdach gnáthleibhéil agus bíonn rátaí éagsúla i bhfeidhm d'fhir agus do mhná.

3. An Ciste um Chothromú Fiontar agus an Tobhach Árachas Sláinte (ar lean)

Tá na rátaí sin leagtha amach san fhaisnéis fhorlíontach a ghabhann leis na nótaí seo. Déantar luach an chreidmheasa a thuilleamh thar théarma an pholasaí. Amhail an 31 Nollaig, 2013 b'ionann luach na gcreidmheasanna préimhe neamhthuillte agus €110.3m.

Creidmheas um Úsáid Leaba Ospidéal

